| Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

| A | Giota Leanúnach/Blag | 50 marc |
|---|---|---|

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(i) Ceolchoirm mhór ar fhreastail mé uirthi le déanaí.

(ii) Saoire a bhí agam.

(iii) Geit a baineadh asam.

| B | Scéal | 50 marc |
|---|---|---|

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeadh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar ***tús*** leis.

(i) Bhí mé ag siúl cois trá le mo mhadra. Chonaic mé rud éigin ina luí ar an ngaineamh. Níor chreid mé mo shúile ...

**nó**

(ii) Tháinig an lá mór. Bhí buaiteoirí an chomórtais le fógairt. Bhí gach duine ar bís …

| C | Litir/Ríomhphost | 50 marc |
|---|---|---|

(i) Tá tú sa bhaile tar éis duit cúpla seachtain a chaitheamh ar chúrsa samhraidh. Scríobh **an litir/ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di faoin gcúrsa **agus** faoi na himeachtaí a raibh tú páirteach iontu.

**nó**

(ii) Tá cara nua agat sa Spáinn. Scríobh **an litir/ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig an gcara sin ag cur síos ort féin **agus** ar do cheantar féin.

| D | Comhrá | 50 marc |
|---|---|---|

(i) Fuair tú bronntanas speisialta ó do thuismitheoirí le déanaí. Ní raibh tú ag súil leis. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoin ábhar sin.

**nó**

(ii) Fuair tú féin agus do chara bhur dtuairiscí scoile agus léigh sibh iad. Bhí áthas an domhain ort féin ach bhí díomá ar do chara. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoin ábhar sin.

